‘Ní ġá don stáit cuis a plé i ġaeilge’

—Abcóid Stáit

Is tacaíoċt le coiṁ ċeilg i gcoinniḃ Gaeilge íoc cáin radio

Ḃeaḋ duine a d’íocfaḋ táille ceadúnas radio páirteaċ i gcoiṁċeilg Radio Éireann i gcoinniḃ na Gaeilge agus ní ligfeaḋ a ċoinsias do a ḃeiṫ ciontaċ ina leiṫid de polasaí adúirt Proinnsias Ó Mianain ins an Cúirt Cuarda i mBaile Áṫa Cliaṫ Dia Luain.

Aċomairc a ḃí á ḋéanaṁ aige ar ordú Cúirte Dúiċe ag coigisteastú a gléas radio ar an aḃar naċ raiḃ ceadúnas aige ina leiṫ.

Ḋiúltaiġ sé táille ceadúnais a íoc ar an aḃar naċ ḃfuil coṫrom cláraċa Gaeilge a ṡoláṫar ag an Údaras agus go mbeaḋ sé féin ciontaċ leo i marḃaḋ na Gaeilge dá mbeaḋ sé ag taḃairt tacaíoċt airgid dóiḃ.

Cúis eile don aċomairc nar tugaḋ éisteaċt cúise do i nGaeilge sa Ċúirt Dúiċe aċ dúirt Abcóid an Stáit naċ raiḃ fiaċaḋ air an Stáit cás a ṗlé i nGaeilge fiú nuair a ḃí an páirtí eile á iarraiḋ.

Níor ċuir an Ḃreiṫeaṁ ina ċoinniḃ seo nó ní ḋearn sé aon ní ċun ceart duine do éisteaċt ina ṫeanga féin a ċaoṁnú.

Do ḋearḃuiġ an Ḃreiṫeaṁ Mac Con Rioġ ordú coigistiṫe na Cúirte Dúiċe.

Ag cur masla i mullaċ milleaḋ, agus ag léiriú gur anuas go speisialta ar an Uasal Ó Mianain a ḃíṫear, dúirt J. V. Coleman, Abcóid Stáit go ḃféadfaḋ sé an gléas radio a ḟáil arais aċ an táille ceadúnais a íoc—agus a ḃeiṫ páirteaċ i ḃfeaċtas Béarla Radio Éireann.

Ag dearḃú an ordú do dúirt an Ḃreiṫeaṁ gur ṫuig sé gur ar prionsabail a ḃí an tUasal Ó Mianain ag seasaṁ aċ ní raiḃ baint ar biṫ ag an Ċúirt le prionsabail.

Ag labairt ṫar cionn Aire Poist agus Telegraife dúirt J. V. Coleman go raiḃ an tUasal Ó Mianain ag éileaṁ go tréan go bpléifí an ċúis as Gaeilge. Ní raiḃ fiacaḋ ar biṫ air mar abcóid Stáit sin a ḋéanaṁ.

Níor íoc Ó Mianáin ceadúnas radio, toisc go raiḃ sé ag diúltú do polasaí na Roinne nuair naċ raiḃ dotan de Gaeilge ḃeo ar na cláraċa acu. Cánaḋ é i nDeire Fóṁair, 1963. as gan ceadúnas agus ċuaiġ sé go príosún Moinṫseo in ionad an ċáin a íoc. Deire Fóṁair seo ċaiṫe ċuir an Roinn ċuige leis an gléas a ċoigistiú.

As Béarla a rinne an tUasal Coleman an cúisiú agus níor ċuir sé aċ ḋá ċeist as Gaeilge.

Ḃí tuairisc ar na páipéir Béarla go raiḃ an ċúis ar fad as Gaeilge aċ ní mar seo a ḃí.

Labair an Ḃreiṫeaṁ Gaeilge agus míniġ cuid dar Coleman i mBéarla.

Níor tráċt an tUasal Ó Mianáin ariaṁ ar Donegal Irish aċ tuairiscíoḋ sin ins na Páipéar Béarla.

Ḃeiḋ cuntas againn an tseaċtain seo ċugainn ar cás Uí Mianáin fá polasaí ainġaelaċ Radio Éireann.

Níor dúirt an tUasal Coleman abcóid ṫar ceann Aire Poist agus Telegrafa focal aṁáin ag cosaint polasaí Radio Éireann.

D’osclóḋ sé a súla do ḋaoine

Cé ċaoi a ḃfuil an béaltrial sna garmscoltaċa

Conus atá an ġaeilge ins na gairm scoileanna? Má ġlacaimíd scrúdaċáin mar ṫrial níl cosúlaċt ro ṁaiṫ uirṫi.

Ġlac 6,341 gairm scolairí Gaeilge mar aḃar ins na scrúdaiṫe teastais dona gairm scoltaċa lae. D’éiriġ le 1,381 onóraċa a ḟáil san scrúdú. Fuair 2,362 pas. De réir seo ṫeip ar 2,598 pas a ḟáil ins an Ṗáipéar Gaeilge tar éis dóiḃ an Páipéar sin a ġlacaḋ.

Is ionann seo agus timpeall 41 p.c. de na daoine a ḃí taréis cúrsa Gaeilge a ḋéanaṁ ins na gairm scoltaċa ar ṫeip orṫa.

Tá rial ag an Rannóg Gairm Oideaċais go gcaiṫfiḋ gaċ duine pas d’ḟáil i dtrial i labairt na Gaeilge, sul ar féidir leo dul isteaċ ar na scrúdaiṫe teastais gairm oideaċais agus is ionann teip ins an scrúdú béil Gaeilge agus teip ins an scrúdú ar fad.

Anois, níor ṁiste do Ṫeaċta Dála éigin ceist a ċur.

Cé ṁéad duine ar ṫeip orṫa ins an scrúdú béil sin i 1962 nó i mbliain ar biṫ eile?

Ḃeaḋ sé iontaċ suimiúil fáil amaċ cé ṁéad den 2,598 seo ar ṫeip orṫa ins an Ṗáipéar Gaeilge agus a fuair pas ċeana ins an scrúdú béil i labairt na Gaeilge.

Níl muid a rá nár ḃ’ḟéidir le duine pas a ḟáil i labairt na Gaeilge agus san am ċéanna teip a ḟáil ins an Ṗáipéar, aċ san am ċéanna ní ġnáṫ rud a ḃeaḋ ann agus níor ċeart go mbeaḋ cuid mór a dteipfeaḋ orṫa ins an Ṗáipéar agus a ġeoḃaḋ pas ins an trial béil. Tá aḃar suime dó níos mó ná cúrsaí gairm oideaċais i gceist anseo anois os rud é go ḃfuil sé á réitiú anois go mbeiḋ an scrúdú béil ins na meán scoltaċa á reaċtáil feasta ins an tslí ċéanna agus atá an scrúdú béil ins na gairm scoltaċa, sé sin, gurb iad foireann teagaisc na scoile féin a ḋéanfas an béal scrúdú. Ṫig linn barúil a ḃeiṫ againn ar conus mar a oibreóiḋ an scrúdú béil ar an moḋ nua ins na meán scoltaċa de réir mar tá sé ag oibriú ċeana ins na gairm scoltaċa.

Molaimíd do T.D. éigean an ċeist seo a ċur ins an Dáil féaċaint cé méid duine ar teip air ins an trial béil seo bliain ar biṫ, le deiċ mbliana anuas, abair.

Tá an riṫ le Tírċonaill

Gaċ lá dá dtig tá na comarṫaí ag éirí níos fearr gurb í seo bliain Ḋún na nGall. I mBéal Áṫa Seanaiġ Dia Doṁnaiġ seo ċaiṫe ní raḃ aċ an ḟoireann aṁáin ann nuair a ḃuaiġ Dún na nGall ar Ḟearmanaċ le 5-10 i gcoinne 1-3 taréis a ḃeiṫ ar tús le 3-7 i gcoinne 0-1 ag leaṫ ama.

Tá cuma ar imirṫeoirí Ḋún na nGall go ḃfuil siad in inṁe agus ar bior fá ċoinne imearṫa. Ḃí an dá ṫaoḃ gann i gcuid mór de na h-imirṫeoirí maiṫe aċ níorḃ easba ar biṫ de ḟoireann Dún na nGall iad agus ba ḃreá an seans do na daoine óga é. Meastar go mbeiḋ an cluiċe i gcoinne Aontroma ag Bealaċ Féiṫ ar ċeann de na cluiċí móra is fearr roiṁ an ċéad ċluiċe coiṁlinte i gcoinne an Dúin ag Dún Geanann seaċtain ó’n Doṁnaċ seo ċugainn.

Monarca nua Bealaċ Féiċ

Tá obair ar siúl ag leagan an dúṡraiṫe don ṁonarcain sníoṁṫa lín i mBealaċ Féiċ. Muintir Hermans Teo. atá á ṫógáil agus béiḋ sé ar an ṁonarcan is mó dar tógaḋ ariaṁ agus nuair a ḃéas sé ag obair fé lán tseoil, beiḋ na céadta fear fostaiṫe ann. Tá suíoṁ ċúig acra ag an ṁonarcan in aice le Séipéal Seisíoċ Uí Néill agus ceannaíoḋ an dara páirc in aice leis. Ḃí sé lán coṁ furasa an ṁonarcan seo a ċur ar an taoḃ eile de Ḃealaċ Féiċ, suas taoḃ an Ċloċáin, áit a dtiocfaḋ leis obair a ṫabairt do iomlán an méid oibriṫe atá fágṫa i nGaeltaċt Ġleann Ḟinne i láṫair na huaire. Aċ níor cuireaḋ.

An páipéar bán

Imní ag leaṫnú, míṡásaṁ ag méadú

Ar eagrán na míosa seo de “An tUltaċ” tá learscáil na hÉireann agus na Gaeltaċtaí beaga marcáilte air fé mar atá insan Ṗáipéar Ḃán, agus tiodal treasna i cló dearg—“Deiċ mbliana eile” agus ceist faoi — “An mairfiḋ sí.”

Is maiṫ mar atá an learscáil agus an ċeist ċurṫa. Sin an ċeist is mó roiṁ luċt Gaeilge agus luċt Aṫḃeoċana i láṫair na huaire, an mairfiḋ an Ġaeltaċt deiċ mbliana eile?

Ní ṁairfiḋ mar Ġaeltaċt faoi mar atá. Agus is cosúil gur sin deireaḋ leis an aṫḃeoċaint.

Dé Saṫairn seo caiṫe, an 15ú lá, ḃí cruinniú de Ċoṁaltas Uladh, Coiste an Ċúige, i mBéal Feirste. Imeasc cáipéisí eile, ḃí meamram ó Ṁuintir na Gaeltaċta ós a gcoṁair, inár ḋúraḋ ṫar aon aṁras gur ionann an Páipéar Bán agus deireaḋ na Gaeltaċta. Naċ raiḃ aon seans go ḃféadfaḋ an Ġaeltaċt maireaċtáil a ṫuille, má ḃíoṫar le leanúint leis an polasaí nó caspa polasaí a ḃí i ḃfeiḋm le deiċ mbliana anuas.

Ḃí fó-ċoiste ceapaiṫe ag an Ċoṁaltas le teaċt le ċéile agus moltaí an Ṗáipéir Ḃáin fá’n Ġaeltaċt a ṗlé, díreaċ taréis don Ṗáipéar Bán a ṫeaċt amaċ. Cuireaḋ an fó-ċoiste agus an cruinniú ar ceal, ar an áḃar naċ raiḃ moltaí substainteaċ ar biṫ insan ṗáipéar le plé.

Ċuir Coiste Ċondae na Gaillliṁe de Ċonraḋ na Gaeilge, rún an láidir i ḃfeiḋm ag cáineaḋ an Uaċtaráin agus an Ard-Rúnaí as glacaḋ orṫa féin tacaíoċt a ḋéanaṁ leis an Ṗáipéar Bán gan fanaċt go labarfaḋ an Árd-Ḟeis fá Ċáisc faoi.

Is rud annaṁ a leiṫéid de rún a ṫeaċt ó Ċoiste Condae, agus taispeáineann sé ċoṁ mí-ṡásta ar fad agus atá daoine a ḃfuil eolas acu ar stáid na Gaeltaċta faoi fáiltiú seo na n-eagras aṫḃeoċána roiṁ an Ṗáipéar Bán naċ ḃfuil moltaí ar biṫ fá’n Ġaeltaċt ann.

I ndréaċt speisiúil go maiṫ fán Ṗáipéar Bán atá ag Leonard Ó Coiglig ar an eagrán reaṫa den “Ultaċ” ag cur síos ar an Ġaeltaċt dó, admaíonn sé naċ ḃfuil cóir dóċas ar biṫ don Ġaeltaċt insan Ṗáipéar Bán. Níl le rá aige, ag iarraiḋ a ḃeiṫ féiráilte coṫrom leis an Ṗáipéar Bán aċ go ḃfuil molaḋ dearfaċ aṁáin ann go gcuirfear cláraċa Gaeltaċta ar an Radio. Aċ, a Ṁic Uí Ċoiglig, is beag agus is ró ḃeag sin, agus is beag agus is ró ḃeag is cuma leis an dream atá fanaċt le ḃeiṫ ceiṫre-ḃliain déag nó cúig-bliain déag go dtófaiḋ siad a gcuid seoltaí le ḋul anonn ag saoṫrú a gcodaċ i Sasana nó in Albain, faoi. Is beag acu cláraċa Gaeilge, as gan piginn le saoṫrú fá’n ḃaile. Is maiṫ ann cinnte na cláraċa Gaeltaċta seo, aċ tá rud i ḃfad níos bunúsaí — saoṫrú. Saoṫrú seasta sa ḃaile. Agus gan sin, níl a ḋaṫ ann.

De ḃárr na gcruinniṫe agus an mí-ṡásaṁ leis na h-eagrais Gaeilge fá dtaoḃ de na rudaí seo ar fad, tá gluaiseaċt úr Gaeilgeoirí bunaiṫe i mBaile Áṫa Cliaṫ. Bunaíoḋ é ag cruinniú insan Ostán Clarence, an tseaċtain seo caiṫe, agus tá Seán Ó Laiġin, tófa mar Uaċtarán agus Séamas Ó Tuaṫail mar rúnaí, ar ċoiste sealadaċ leis an eagras nua a ċur ar a ḃonnaí. Is maiṫ an rud é seo, mar is soiléir go ḃfuil na h-eagrais aṫḃeoċana uilig atá ann ró ḃog. Go ḃfuil siad ró ṫugṫa don status cuo. Go ḃfuil siad ró ṫugṫa do laisse faire an Rialtais, agus ró ṡásta a gcuid maidí a ligint le sruṫ.

Aċ is deacair san am ċéanna a ḟeiceáil goidé mar ġeoḃas an t-eagras nua seo — “Misneaċ” ist’ toidal daofa — goidé mar ġeoḃas siad an tacaíoċt le gur féidir leo tionċar éifeaċtaċ ar biṫ a ḃeiṫ acu ar an intinn ṗoiblí. San am ċéanna, is beag eile dóċas atá ann aċ iad, mar is soiléir naċ féidir le pobal na Gaeltaċta a dtoil a ċuir i ḃfeiḋm nó fiú aṁáin tionċar éifeaċtaċ a ḃeiṫ acu ar pobal Béarla na tíre.

De ṫairḃe na Gaeltaċta de, is olc agus is rí olc an ċineál poiblíoċta atá á ḟáil acu. Poiblíoċt don méid atáṫar á ḋéanaṁ don Ġaeltaċt. Sin an t-aon rud go mbíonn tráċt air ins na páipéirí Béarla, agus is cosúil anois gur ó spreagaḋ oifigiúil a ṫigeas cuid mór de mar is soiléir gur ċuige sin atá tromlaċ an Ṗáipéir Ḃáin faoin Ġaeltaċt cuṁṫa. D’ḟonn agus go ḃfágfaí leor ḋotáin áḃar fá ċoinne na páipéiri Béarla a ḃeiṫ ag leanúint leo leis an polasaí de cinnlitreaċa móra do ṫabairt fá ċoinne rud beag ar biṫ a tugtar don Ġaeltaċt.

Ḃeiḋ feaċtas an ṁór poiblíoċta agus sílċeadal ag teastáil leis an ḟírinne a scaipeaḋ imeasc Béarlóirí na tíre fán Ġaeltaċt, aċ ar an droċ uair níl eagras ar biṫ ann leis an ċumas nó leis an airgeadas taoḃ ṫiar daofa leis an ṗoiblíoċt sin a ḋéanaṁ. Na h-eagrais aṫḃeoċána a ba ċeart é a ḋéanaṁ, aċ is cosúil gur beag acu é, nó go ḃfuil barraíoċt rudaí eile ar a n-úil.

Banóstóir : Ṫáiniġ mé anall ċugat go n-innsíonn duit go ḃfuil do ċara istiġ faoin mbord.

Scléipeoir: An ḃfuil sé ólta nó an ḃfuil an freastálaí ag taḃairt an bille ċuige?!